

# Léiní i bPáras

Séideán Sí



Áine Ní Shioradáin  
Peter Donnelly a mhaisigh



# Léiní i bPáras



Áine Ní Shioradáin  
Peter Donnelly a mhaisigh

 AN GÚM

Baile Átha Cliath

An chéad eagrán 2006

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2006

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Peter Donnelly

xxxxxxxxx a chlóbhuail in Éirinn

**An Gúm, 24–27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1**



Chuíg: Áine

Cc:

Ábhar: Cuireadh go Páras

A Áine dhil,

Tá súil agam go bhfuil tú go maith. Tá an aimsir go hálainn anseo i bPáras. Ar mhaith leat teacht anall chugam?

Nach gearr go mbeidh laethanta saoire agat?

Le grá,

Aintín Nóra



Bhí Áine breá sásta léi féin.  
'Tá cuireadh go Páras agam,'  
ar sise le Léiní. 'Rachaidh mé ann  
le haghaidh saoire na Cásca.'



‘Ba mhaith liomsa dul in éineacht leat,’ arsa Léiní. ‘Ba mhaith liom Túr *Eiffel* agus an *Arc de Triomphe* a fheiceáil.’

‘Caithfidh tusa fanacht ag baile,’ arsa Áine.

Ní mó ná sásta a bhí Léiní.



‘Caithfidh tusa fanacht ag baile,’  
arsa Áine le Léiní arís.





Ba mhaith liomsa Páras  
a fheiceáil.



‘Ba mhaith liomsa Páras  
a fheiceáil,’ arsa Léiní léi féin.  
Léim sí isteach sa mhála i ngan  
fhios d’Áine.

Bhí Áine breá sásta léi féin.  
'Is maith liom Páras,' ar sise  
le hAintín Nóra.



Bhuail ocras Áine.

‘Caithfidh mé arán a cheannach dom féin,’ ar sise agus amach léi.




Isteach le hÁine san ardaitheoir agus bhrúigh sí an cnaipe. Bhrúigh sí arís ... agus arís eile é. Ach níor bhog an t-ardaitheoir. Thosaigh Áine ag caoineadh.



Chuala Léiní Áine ag caoineadh.  
Léim sí amach as an mála.  
'A Léiní!' arsa Áine. 'Cheap mé go  
raibh tusa ag baile.'



Leis sin chonaic Léiní poll beag.  
Isteach léi. Ansin labhair sí le hÁine.  
'Má bhrúnn tú an cnaipe anois,  
a Áine,' ar sise, 'beidh leat.'



Bhrúigh Áine an cnaipe agus ...

... síos leis an ardaitheoir!





‘Go raibh maith agat,’  
arsa Áine le Léiní.

Cheannaigh sí bronntanas beag di.





‘Isteach i mo mhála leat anois,’ arsa Áine le Léiní ansin. ‘Níl a fhios ag Aintín Nóra tú a bheith anseo.’

‘Cá mbeimid ag dul anois?’ arsa Áine le hAintín Nóra tráthnóna.

‘Íosfaimid rud éigin ar dtús,’ arsa Aintín Nóra, ‘agus ansin rachaimid ag spaisteoireacht.’

‘Ba mhaith liomsa dul ag spaisteoireacht chomh maith,’ arsa Léiní agus léim sí isteach i mála Áine.



Ba mhaith liomsa dul  
ag spaisteoireacht.

Tar éis dóibh béile breá a bheith ite acu shiúil Áine agus a haintín síos an *Champs Elysées*.

‘Sin é an *Arc de Triomphe*,’ arsa Aintín Nóra.

‘Nach mór atá sé,’ arsa Áine.

Thóg Aintín Nóra grianghraf d’Áine agus í os comhair an *Arc de Triomphe*.



Agus cé a bheadh istigh i mála  
Áine? Sea ... Léiní! Agus í ag  
éisteacht agus ag faire!

Chuala sí daoine ag rá ‘*bonjour,*’  
‘*au revoir,*’ agus ‘*merci.*’

‘*Bonjour, au revoir, merci!*’ arsa  
Léiní. ‘Tá Fraincis anois agam.’

‘Bí ciúin!’ arsa Áine léi. ‘Níl a fhios  
ag Aintín Nóra tú a bheith anseo.’



Níl a fhios ag Aintín Nóra  
tú a bheith anseo.

An oíche chéanna chuir Áine  
teachtaireacht ríomhphoist chuig a  
cara, Eilís.

Chuig: Eilís

Cc:

Ábhar: An *Arc de Triomphe*

A Eilís, a chara,


Bhí an-lá go deo inniu agam. Chonaic mé an *Arc de Triomphe*.  
Seo pictiúr díom a thóg Aintín Nóra.

Le grá,

Áine







D'éirigh Áine go moch ar maidin.

‘Cá mbeimid ag dul inniu?’ ar sise  
le hAintín Nóra.

‘Go dtí Túr *Eiffel*,’ arsa Aintín Nóra.

Ba mhaith liomsa  
Túr *Eiffel* a fheiceáil.



‘Ba mhaith liomsa Túr *Eiffel*  
a fheiceáil,’ arsa Léiní agus léim sí  
isteach i mála Áine.

‘Bí ciúin!’ arsa Áine léi. ‘Níl a fhios  
ag Aintín Nóra tú a bheith anseo.’

Bhí an-lá ag Áine agus ag Aintín Nóra. Chuaigh siad an túr suas agus thóg siad cúpla grianghraf.



Ina dhiaidh sin chuaigh siad isteach  
i siopa agus cheannaigh Áine  
bronntanais dá cairde.



Tamall ina dhiaidh sin thug Áine faoi deara nach raibh gíog ná míog as Léiní.



‘An bhfuil tú ansin, a Léiní?’ ar sise.  
Ach gíog ná míog ní raibh as Léiní.

‘Caithfidh mé dul suas arís,’ arsa Áine lena haintín. ‘Níl a fhios agam cá bhfuil ...’


Leis sin lig Aintín Nóra béic aisti.

‘Luch!’ arsa sise.

Is ansin a chonaic Áine Léiní.

‘Is liomsa í, a aintín,’ ar sise. ‘Léiní an t-ainm atá uirthi.’

‘Is leatsa í!’ arsa Aintín Nóra. ‘Agus thug tú leat go Páras í!’



‘Sin scéal eile!’ arsa Áine. ‘Inseoidh mé anocht duit é.’



Isteach i mo mhála leat, a Léiní.





‘Isteach i mo mhála leat, a Léiní,’  
arsa Áine agus siúd leo go dtí an  
*Métro.*

# Cúpla Focal Fraincise

Bonjour.



Au revoir.



Merci.





Bhí Áine breá sásta léi féin.  
'Tá cuireadh go Páras agam,'  
ar sise le Léiní.